PÁIPÉAR UAINE AR **PHINSIN**

ACHOIMRE FHEIDHMIÚCHÁIN

Department of Social and Family Affairs
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
www.welfare.ie

Páipéar Uaine ar Phinsin

Achoimre Fheidhmiúcháin

Clár Ábhair

	Leathanach
Réamhfhocal an Rialtais	2
Caibidil 1: An Córas Reatha agus a Fhealsúnacht Foriomlán	4
Caibidil 2: An Dushlán Déimeagrafacha	5
Caibidil 3: Córas Pinsean Nua-aimseartha agus Inbhuanaithe	6
Caibidil 4: Ag coinneáil leorgacht ioncaim sa scor	7
Caibidil 5: An Pinsean Leasa Shóisialaigh in Éirinn	8
Caibidil 6: Pinsean Leasa Shóisialaigh – Roghanna Leasaithe	8
Caibidil 7: Pinsin Forlíontacha – Tionscnaimh le haghaidh Coigiltiis Scoir	10
Caibidil 8: Cur Chuige Féideartha i leith Forbairt na bPinsean	11
Caibidil 9: Ceisteanna Maidir le Scéimeanna Pinsean Sochair Sainmhínithe agus Ranníocaíochta Sainmhínithe	12
Caibidil 10: An Caighdeán Maoinithe	14
Caibidil 11: Blianachtaí agus Saincheisteanna Coibhneasacha	16
Caibidil 12: Ról na Rialála	17
Caibidil 13: Pinsin Seirbhíse Poiblí	19
Caibidil 14: Solúbthacht oibre sa tseanaoise – cur chuige nua i leith scor	20
Próiseas Comhairliúcháin	23

Réamhfhocal an Rialtais

Tá an Rialtas bródúil as ucht a chuid éachtaí thar tairseach le haghaidh seandaoine agus is mór an luach a leagtar ar an ranníocaíocht atá déanta ag an ngrúpa i leith ár rathúlacht eacnamaíoch agus rafaireacht leanúnach. Tá an rathúlacht agus rafaireacht seo tar éis na hacmhainní a chruthú chun an Rialtas a chumasú chun méaduithe suntasacha a sholáthar sa Phinsean Stáit agus tacaíochtaí, le feabhsuithe comhsheasmhacha i gcaighdeán na beatha do sheandaoine uile thar na blianta mar thoradh ar seo.

Leanfaimid orainn le feabhsuithe do sheandaoine mar thosaíocht againn agus tá réimse leathan gealltanas leagtha amach againn sa Chlár don Rialtas, lena n-áirítear: an Pinsean Stáit bunúsach a mhéadú go dtí ar a laghad €300 sa tseachtain faoi 2012; díriú ar ioncam scoir slán a fháil ó gach foinse de ar a laghad 50% den tuilleamh réamhscoir; agus ag obair chun freagraí solúbtha a fhorbairt i leith scor.

Ag frithchaitheamh feasacht ar an bhfíric go bhfuil ár ndaonra ag dul in aois, tá saincheist na bpinsean tar éis bogadh níos cóngaraí go barr an chláir oibre poiblí le blianta beaga anuas. Tá impleachtaí sóisialta agus eacnamaíocha na treochta seo ag teacht chun cinn agus is gá dúinn measúnú a dhéanamh ar ár gcumas chun cosaint ár bpinsinéirí uile a chinntiú, anois agus sa todhchaí. Mar atá tarlaithe leis na gcuid is mó de thíortha forbartha eile, tá a fhios againn go bhfuil dúshláin suntasacha amach romhainn. Táimid ag maireachtáil níos faide, agus i sláinte níos fearr, atá mar éacht den scoth. Mar sin féin cé go bhfuil daonra níos óige in Éirinn faoi láthair i gcomparáid leis an gcuid is mó de thíortha eile na hEorpa, go fad téarmach is mór an tionchar a bheidh ag dul in aois an daonra sa tír seo ar chúrsaí. De réir sonraí nua sa Pháipéar Glas seo, titfidh líon na ndaoine ag aois oibre le haghaidh gach duine ag aois 65 nó os a cionn, ó 6 i 2006 go dtí 2 i 2050. Nuair a cuirtear san áireamh nach mbeidh cuid de na daoine ag aois oibre ag obair, is é an cóimheas a bheidh ann idir oibrithe agus daoine os cionn 65 bliain d'aois ná 1.5 go 1. Beidh an t-athrú déimeagrafach seo ina dhúshlán d'inbhuanaitheacht chóras na bpinsean, mar gheall ar an méadú suntasach ar chaiteachas aois-bhainteach a bhfuiltear ag súil leis sna blianta amach anseo. Tá sé riachtanach aird a thabhairt ar an ábhar seo i gcomhthéacs na n-aidhmeanna atá againn chun clúdach forlíontach na bpinsean a mhéadú agus chun é a chur ar chumas na ndaoine atá ar scor, ioncam athsholáthair fónta a bheith acu.

Tá deis an ghnímh againn anois chun dul i ngleic leis na hábhair imní seo. Dá bharr sin is é cuspóir an Pháipéir Glas seo ná chun machnamh meáite a dhéanamh ar na cúrsaí atá bainteach leis, sula ndéanfar cinntí cuí dóibh féin agus do ghlúine na todhchaí. Caithfimid cinneadh a dhéanamh faoin gcineál scoir atá ag teastáil uainn dúinn féin agus dár bpáistí agus céard iad na roghanna a bhfuilimid sásta a dhéanamh mar shochaí ar mhaithe le todhchaí shlán a chruthú. Bíonn costas ar sholáthar pinsean maith, is cuma cibé an trí chóras soláthair príobháideach agus ranníocaíochtaí pearsanta a déantar é nó trí an Stát i bhfoirm chánacha agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta.

Leagann an Páipéar Glas amach an réimse leathan agus coimpléascach d'ábhair bainteacha. Dírítear isteach ar ábhar ar leith maidir le pinsin leasa shóisialaigh, pinsin gairme agus pinsin na hearnála poiblí, chomh maith le dreasachtaí le haghaidh coigilteas pinsin forlíontach. Sa bhreis ar sin, déantar imscrúdú ar ábhair maidir le scéimeanna sochair agus ranníocaíochta sainithe, agus ról an rialacháin. Chomh maith le sin, leagtar amach saincheisteanna lárnacha

a bhaineann le solúbthacht oibre seanaoise agus constaicí roimh sheandaoine a obair níos faide, lena n-áirítear cur chuige féideartha maidir le maidir le solúbthacht ag aois scoir.

Is é bunchuspóir an Pháipéir Ghlais seo ná chun díospóireacht a spreagadh. Leagtar amach ceisteanna lárnacha chun machnamh a dhéanamh orthu agus roinnt cur chuige féideartha maidir le forbairt pinsin. Is mian linn buíochas a ghabháil leis na páirtithe sóisialta agus leis an iomaí duine aonair, na grúpaí agus na heagraíochtaí éagsúla atá tar éis a bheith páirteach sa phróiseas go dtí seo. Is mian linn freisin buíochas a ghabháil leis na hoifigigh uile ar fud na Ranna Rialtais éagsúla a bhí páirteach i bhforbairt an Pháipéir Glas.

Ligfidh an próiseas comhairliúcháin a leanfaidh foilsiú an doiciméid seo do gach geallshealbhóir a bheith rannpháirteach i gcreatlach a mhúnlú chun dul i ngleic le dúshlán na bpinsean go fad téarmach. Tá an Rialtas ag súil le bheith páirteach sna díospóireachtaí seo agus cuirtear fáilte roimh gach geallshealbhóir a bheith rannpháirteach in obair i dtreo córas pinsean inacmhainne, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a bhaint amach, chun freastal ar riachtanais aonair na daoine siúd atá ar scor faoi láthair agus dheimhníonn freisin an cuspóir céanna le haghaidh na glúine níos óige.

Bertie Ahern, T.D Taoiseach	Brian Cowen, T.D. Tánaiste agus Aire Airgeadais	Martin Cullen, T.D. Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Caibidil 1: An Córas Reatha agus a Fhealsúnacht Foriomlán

Tá an Páipéar Glas seo faoi phinsin dá fhoilsiú chun an gealltanas sa chomhpháirtíocht sóisialta '*Towards 2016*'a chomhlíonadh. Tógtar é ar dhá mór-thuarascáil ón Bord Pinsin - an 'Athbhreithniú Náisiúnta Pinsin' (2006) agus 'Coigilteas Speisialta chun Scoir' (2006). Tógadh an dá thuarascáil seo ar thuarascáil an Bhoird ar an Tionscain Polasaí Pinsin Náisiúnta (1998).

Tá an córas pinsin in Éirinn déanta suas de dhá phríomh eilimint. Sé an chéad cheann an pinsean leasa shóisialaigh atá dá rith ag an Stát agus tá an dara ceann déanta suas de phinsin forlíonta deonach curtha ar fáil trí shocruithe éagsúla agus rialaithe ag an Stát. Sé sprioc foriomlan ár gcóras pinsin ná córas bunúsach fónta maireachtála a chur ar fáil trí tacaíocht díreach ón Stát agus daoine a spreagadh le go ndéanfaidís socruithe chun pinsean forlíonta a mbeadh go leor ioncaim acu ag am scoir.

Sé sprioc an chórais leasa shóisialaigh ná ioncam agus tacaíocht a chur ar fáil ar leibhéal fónta. Baineann **leorgacht** pinsin le leibhéal ioncam ag am scoir atá gaolmhar go leor le ioncam reamhscoir.

Ar nós mórán tíortha eile tá Éire ag braistint athraithe déimeagrafach rud a chuirfidh, thar am, go mór le costais cur ar fáil pinsin,. Dá bhrí sin, chomh maith le díriú ar leorgacht ioncaim ag am scoir, tá **inbhuanaitheacht** ar cheann de phríomh spriocanna ár gcóras pinsin.

Tá **nuachóiriú** ar córas pinsin na hÉireann ina phróiseas leanúnach. Chun go leor pinsin a chur ar fáil agus fanacht inbhuanaithe caithfidh córas pinsin gluaiseacht comhthreomhar le athraithe sa mhargadh oibre. Tá impleachtaí ar leith aige seo do mhná.

Socrú tripháirteach atá sa chóras, idir an Stát, fostóirí agus daoine aonair atá sa chóras pinsin atá ann anois ,. Tá léargas éagsúil maidir le ról ar leith na ngeallsealbhóirí seo sa tsochaí.

Sa timpeallacht atá ann faoi láthair, tá mórán daoine nach bhfuil ag déanamh foráil do go leor pinsean forlíonta. D'fhéadfadh go mbeadh gá le athruithe chun déileáil leis seo. Tá an Páipéar glas ceaptha chun leanúint leis an díospóireacht faoi aon treocht nua maidir le pinsin agus chun aon roghanna nua maidir leis an tslí ar aghaidh a leagan síos.

Caibidil 2: An Dushlán Déimeagrafacha

Tá réimse leathan de réamh-mheastacháin daonra d'Éireann bunaithe ar deastógálaí déimeagrafacha éagsúla, a frithchaitheann an deacracht i réamhaisnéis fadtréimhseach a dhéanamh. Mar sin féin, cuirtear aird ar scála na targhabhála ó chóimheas spleáchais seanaois ard go híseal.

Tá **imirce** glan tar éis a bheith mar an páirt so-ghalaithe d'athrú daonra na hÉirinn ó bhúnú an Stáit. Tá patrúin imirce in Éireann tar éis athrú go hábhartha le blianta beaga anuas. Tá sé an-deacair leibhéil imirce na todhchaí a réamh-mheas le haon líon cinnteachta ar bith. Áiríonn foshuímh déimeagrafacha sa chaibidil seo an eispéireas imirce iarbhír de chuid blianta beaga anuas.

Tá léibhéil braite na todhchaí den **mortlaíochta** laistigh den daonra agus an fórsa oibre tábhachtach chomh maith nuair atá líon na ndaoine le hioncam pinsin de dhíth orthu sa todhchaí agus an fad ama go mbeidh sé de dhíth orthu a chinneadh. Molann réamh-mheastacháin, faoi 2061, go mbeidh ardu ar ionchas saoil ag aois 65 faoi 6.4 bliana d'fhir agus 6.3 bliana do mná thar an suíomh comhsheasmhach.

Tháinig feabhas éigin ar an ráta **torthúlachta** idir 1994 agus 2004, agus tá sé ag léibhéal an-ard i gcomparáid leis an gcuid is mó de thíortha eile na hEorpa. Tugann na réamh-mheastacháin le tuiscint, fad atá sé ag isliú, fanfaidh an ráta torthúlachta ard i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta.

Ardóidh an daonra aois 65 agus os cionn le 59% go 2021 agus le 142% breise go 2061. Beidh ísliú gasta agus trom go leor i gCóimheas Tacaíochta Pinsinéara (PSR – an cóimheas de líon na ndaoine ag aois oibre go líon na ndaoine thar aois phinsin) ó 5.6 i 2006 go 1.8 i 2061. Ta an anailís na hinbhuanaitheachta i gCaibidil 3 bunaithe ar réamh-mheastacháin déimeagrafacha eile a thaispeánann an patrún céanna d'athrú spleáchais.

Aithníodh go raibh tionchar suntasach ag arduithe san aois scoir ar an PSR 'iarbhír' (an cóimheas de dhaoine i bhfostaíocht in aice leo siúd d'aois os cionn 65). Bheadh imirce isteach glan follúnaithe ard de dhíth orainn chun an claonadh bunaidh de PSR tite a aisiompú. Cuirfidh rannpháirtíocht baininn ardaithe sa bhfórsa oibre ardú sealadach sa PSR ceart

Tá an struchtúr aoise de daonra na hÉireann difriúil ón gcuid is mó de thíortha an AE, agus tá ár gcás déimeagrafach fabhrach go leor thar an mheán-téarma. Tá sé réamh-mheasta go mbuaicfidh daonra aoise oibre na hÉireann i 2041 ag timpeall ar 29% níos airde ná a léibhéal reatha agus go dtitfidh sé siar arís ina dhiaidh sin. Ar deireadh tá oibrithe níos sine réamh-mheasta chun páirt suntasach den bhfórsa oibre a chruthú.

Caibidil 3: Córas Pinsean Nua-aimseartha agus Inbhuanaithe

Is príomh chuspóir de dearadh polasaí pinsin ná chun inbhuanaitheacht an chórais a chinntiú thar an tréimhse níos faide. Do ana chuid tíortha, ag cuimsiú Éireann, imní atá ag fás maidir le seo ná athrú déimeagrafacha.

Tógfaidh an dul in aois réamh-mheasta den daonra do mhéadú substainteach i gcaiteachas bainte le haois, de sin táid á siúl go mbeidh soláthar pinsin mar an páirt aonair is mó. Taispeánann réamh-mheastacháin le déanaí go n-ardóidh caiteachas ar an iomlán bainte le haois seo ó timpeall 5% de OTI inniu go 13% roimh 2050.

Iarmhairt eile d'athrú déimeagrafacha ná go dtitfidh tasc de chaiteachas pinsin ag ardú a mhaoiniú go roinn leathadh don daonra. Roimh 2050, tá sé réamh-mheasta go mbeidh níos lú ná beirt oibrithe in aghaidh an phinsinéara.

Le cheile, impleachtaíonn na hathraithe seo i gcomhdhéanamh an daonra mí-oiriúnú idir na héilimh caiteachais os comhair an chórais pinsin poiblí agus a ábaltacht chun na héilimh sin a bhaint amach (in ainneoin an tiomsú de shócmhainní sa Chiste Chúltaca Pinsean Náisiúnta). Go gearr, níl an córas eiseach inbhuanaithe ar bhonn réamh-mheastacháin comhsheasmhach, gan athruithe don mheascán polasaí rabhlaer.

Chun an córas pinsin a chosaint sa todhchaí, beidh comhcheangal de bheartais dírithe ag maoiniú agus ag ísliú méid an bhearna maoiniú réamh-mheasta ag teastáil. I dtéarmaí leathan, is iad na roghanna atá ar fáil ná:

- Coigiltis Státchiste (cánacha a ardú nó caiteachas a laghdú in áit éigin eile) agus / nó coigiltis príobháideach a ardú;
- Ag éascú brú caiteachais ag dul in airde;
- Ag ardú an aois scoir;
- Ag ardú an roinn den daonra ag obair;
- Ag feabhsú an ceapaíocht táirgiúla den eacnamaíocht agus iomaíochas rabhlaer.

Chun dúshláin sa todhchaí a bhaint amach tá sé soiléir go mbeidh roghanna polasaí móra ag teastáil ar ár bpáirt. Agus na cinnidh seo á dhéanamh againn, tá sé tábhachtach na trádáil-amuigh a bhfuil ann a aithint, agus buntáiste a bhaint as an 'fuinneog deiseanna' reatha, chun meascán polasaí tráthúlachta agus iomchuí a chur in áit. Ba chóir go mbeadh sé seo dírithe chun inbhuanaitheacht sóisialta agus airgeadais an chóras pinsin a dhaingniú, le cur isteach íosta don eacnamaíocht níos leithne.

Caibidil 4: Ag coinneáil leorgacht ioncaim sa scor

Ba é €327.55 sa tseachtain an meán ioncam glan do phinsinéirí aonair agus lánúin phinsinéara i 2005, i gcomparáid le meán-ioncaim seachtainiúla glan de €776.11 le haghaidh gach teaghlach sa daonra. Tá pinsin leasa shóisialaigh mar an phríomh-fhoinse ioncaim do phinsinéirí uile na hÉireann. Bíonn tionchar ag aois, inscne agus fachtóirí comhdhéanamh teaghlaigh ar ioncaim phinsinéirí. Tá ioncam ó phinsin cheirde nó phearsanta ag thart ar 32% d'aonaid phinsinéara, ach is beag pinsinéir sa dhá chúigil íochtaracha a bhfuil ioncam acu ó na foinsí seo.

Síleann 50% de dhaoine atá ag obair go mbeidh pinsin forlíontacha, seachas pinsin leasa shóisialaigh, mar an phríomh-fhoinse ioncaim scoir acu. Cé go bhfuil os cionn de 50% d'oibrithe ina mbaill scéime, is dóchúil go mbeidh pinsin leasa shóisialaigh mar an phríomh-fhoinse ioncaim scoir ag formhór an ghrúpa seo bunaithe ar na leibhéil ranníocaíochta reatha i scéimeanna ceirde. Feictear ar choigiltis agus infheistíocht mar fhoinse ioncaim tábhachtach breise ach ní mbítear ag súil leo go forleathan chun a bheith mar an phríomh-foinse ioncaim.

Bunaithe ar an táscaire bochtaineachta seasmhach oifigiúil, tá daoine níos sine i staid níos fearr ná an chuid eile den daonra (3.7% dóibh seo os cionn 65, i gcomparáid le 7% foriomlán). Tá baol an táscaire bochtaineachta ioncaim ag nach mór an leibhéal céanna don dá ghrúpa.

Thabharfadh an fhianaise teoranta infhaighte le tuiscint nach bhfuil roinnt pinsinéirí ag gnóthú an sprioc ioncaim athchur molta ag an NPPI/NPR. Tá fianaise ann chomh maith go bhfuil go leor ranníocóirí CCSP ag coigilt ró-íseal le haghaidh scoir, bunaithe ar an sprioc chéanna.

Bhí céatadán sách bheag d'oibrithe gan clúdach pinsin le hioncam infheistíochta nó an dara teach acu. Bhí pinsin ag formhór díobh siúd le hioncam infheistíochta nó an dara teach acu chomh maith. Bhí SSIA ag thart ar 23% d'oibrithe gan pinsean, i gcomparáid le thart ar 46% dóibh siúd le pinsin.

Tá sochair neamh-airgid, lena n-áirítear an pacáiste sochair teaghlaigh mar thacaíocht tábhachtach do chaighdeán maireachtála na bpinsinéirí.

Ní raibh suirbhéanna clúdaigh a rinneadh i 1995 agus 2002 inchomparáideach go díreach, agus an conclúid gur féidir a aimsiú ná nach raibh aon athrú sa chlúdach thar na tréimhse sin. Mhéadaigh clúdach na bpinsean ó 51% i 2002 go 55% i 2005. Is é sprioc an chlúdaigh pinsin forlíontach molta ag NPPI/NPR ná 70% den daonra oibre idir aois a 30 agus 65 ó 2013. Is é 62% clúdach reatha den ghrúpa seo. In ainneoin an fheabhais seo, tá sé fós deacair go leor teacht ar an ngrúpa trí phinsin forlíontacha. Áiríonn na ngrúpaí seo oibrithe páirtaimseartha, oibrithe in earnálacha le clúdach íseal go traidisiúnta, mná, agus grúpaí lasmuigh den mhargadh oibre.

Tá baol na bochtaineachta ioncaim do dhaoine níos sine in Éirinn ard go maith de réir na caighdeáin idirnáisiúnta. Sa bhreis ar sin tá ioncam athchur á sholáthar ag an bpinsean leasa

shóisialaigh le haghaidh grúpaí ard-ioncaim agus meán-ioncaim íseal de réir na caighdeáin idirnáisiúnta.

Caibidil 5: An Pinsean Leasa Shóisialaigh in Éirinn

Aithníonn agus pléann an chaibidil seo na príomh-cheisteanna a tháinig chun cinn maidir leis an gcóras pinsean leasa shóisialaigh. D'éirigh na ceisteanna seo a aithníodh den chuid is mó mar thoradh ar chlúdach teoranta an chóras árachais shóisialaigh go dtí na 1980aidí déanacha agus na 1990aidí luath, agus mar gheall ar noirm na sochaí a bhí i bhfeidhm go dtí na 1970aidí luatha. D'fhéadfadh deacrachtaí éirí as an mbealach ina gceaptar coinníollacha cáilithe do phinsin, go háirithe an tástáil mheán-íocaíochta, agus freisin tá ceisteanna maidir le húsáid na tástála maoine maidir le híocaíochtaí ranníocacha. Réimse eile a bhféadfaí breathnú uirthi ná cuíosacht na rátaí íocaíochta, vis a vis na cuspóirí an chóras leasa shóisialaigh.. Tá cur chuige féideartha i dtreo fhorbairt an chórais sa todhchaí leagtha amach sa chéad chaibidil eile.

Caibidil 6: Pinsean Leasa Shóisialaigh: Roghanna Leasaithe

Tá léargas le fáil sa chaibidil seo ar na cuir chuige, buntáistí agus míbhuntáistí san áireamh, ar cheart a mheas chun déileáil leis na ceisteanna atá leagtha amach i gCaibidil 5. Níl na cuir chuige seo comheisiatach. Pléitear roghanna leasaithe anseo:

<u>Leasú A: Na Socruithe Reatha a Choinneáil</u>
Don chuid is mó, is de thoradh struchtúr ár gcóras leasa shóisialaigh san am atá caite agus noirm shochaíocha a bhí ann sna 1970í iad na bearnaí sa chumhdach pinsean. Thar na mblianta, cuireadh tús le raon bearta chun déileáil le saincheisteanna laistigh den struchtúr ranníocach agus tástáil mhaoine reatha. Cé go laghdóidh tionchar ár struchtúir agus noirm shochaíocha níos luaithe sna blianta atá amach romhainn, dá mbeifí ag coinneáil na socruithe reatha, go gearrtéarmach nó go meántéarmach, bheadh thart ar 47,000 duine san áireamh (státseirbhísigh nó daoine féinfhostaithe atá imithe ar scor den chuid is mó).

<u>Leasú B: Pinsin Uilíocha</u>
D'fhéadfadh foirmeacha éagsúla den phinsean seo a bheith ann, lena n-áirítear ráta caighdeánach íocaíochta ach aois pinsin a bhaint amach; íocaíocht íosta dóibh siúd nach bhfuil teidlíocht reatha leasa shóisialaigh acu; nó íocaíocht íosta aoisbhunaithe dóibh siúd nach bhfuil teidlíocht reatha leasa shóisialaigh ar bith acu. Athrú iomlán ón gcóras reatha a bheadh in íocaíocht uilíoch, áfach, ach dhéileálfadh sé lena lán de na saincheisteanna sochaíocha agus comhionannais a bhaineann leis an gcóras reatha.

<u>Leasú C: Ag Leasú agus ag Siar-Dhátú Scéim an Chúramaí Baile</u>
Ceann de na príomhcheisteanna a bhaineann le córas na bpinsean leasa shóisialaigh ná seasamh na ndaoine a d'fhág an margadh fostaíochta d'fhonn aire a thabhairt do leanaí, do dhaoine breoite nó do dhaoine éislinneacha. Tá ceisteanna fós le réiteach maidir leo siúd a d'fhág fostaíocht roimh 1994, nuair a cuireadh tús le Scéim an Chúramaí Baile. Scrúdaíonn an leasú seo roghanna d'athruithe ar Scéim an Chúramaí Baile, lena n-áirítear: an tréimhse

atá san áireamh faoin scéim a athrú, ag soláthar creidmheasanna, agus Scéim an Chúramaí Baile a Siar-Dhátú.

Leasú D: Ag Aistriú an Tástáil Ranníocaíoch Meánach leis an gCur Chuige Ranníocaíochta Iomlán

Bealach níos cothromasaí agus trédhearcaí chun pinsin a bhronnadh is ea athrú ar chóras na gcáilíochtaí bunaithe ar ranníocaíochtaí iomlána, cosúil le struchtúr ráta níos cuimsithí. Le linn cinnidh a dhéanamh maidir le struchtúr cuí agus, go háirithe na ranníocaíochtaí do phinsin uasta agus íosta, ba cheart go n-áireodh sé seo an poitéinseal atá anois ag daoine ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a dhéanamh. Ach, scrúdú a bheith déanta ar na himpleachtaí, d'fhéadfaí a shocrú go mbeadh sé ciallmhar cur chuige atá bunaithe ar ranníocaíochtaí iomlána a chur ar athlá toisc na leibhéil éagsúla ranníocaíochta atá ag daoine atá incháilithe do phinsin inniu ar a dtaifid. Feabhsóidh sé seo amach anseo de réir mar a bheidh clúdach feabhsaithe árachais shóisialta soiléir agus go mbeidh níos mó comhsheasmhachta ag baint le taifid árachais na ndaoine atá ag déanamh iarratais ar phinsean.

Leasú E: Saincheisteanna ilghnéitheacha maidir le Pinsin Leasa Shóisialaigh

Is éard a bhí i gceist leis an leasú seo ná scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le hinnéacsú pinsean leasa shóisialaigh, dhá scéim ranníocaíochta reatha, ról an Mhéadaithe ar an Liúntas Maireachtála Aonair, agus árachas sóisialta d'fheirmeoirí agus daoine féinfhostaithe.

Leasú F: Cur chuige chun dul i gcomhair le hinbhuanaitheacht

Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar chostas an chórais pinsin leasa shóisialaigh, ag teacht chun cinn ó athrú déimeagrafach, feabhsuithe sa chumhdach árachais shóisialta, agus feabhsuithe leanúnacha sna rátaí pinsin. I gcomhthéacs leasa shóisialaigh, socraíodh dá mba rud é go raibh coigiltis ag teastáil, go bhféadfaí na coigiltis seo a bhaint amach trí cheann amháin nó meascán de na roghanna seo a leanas: tús a chur le socrú innéacsaithe a chuirfeadh teorainn ar mhéadú na gcostas; ranníocaíochtaí árachais shóisialta a mhéadú; íocaíochtaí a iarchur trí mheán aois an phinsin leasa shóisialaigh a mhéadú; tús a chur le tástáil maoine do phinsin leasa shóisialaigh.

Ceisteanna le breathnú

Bunaithe ar na ceisteanna agus dúshláin atá os comhair córais na bpinsean leasa shóisialaigh agus na cuir chuige maidir le leasuithe a pléadh sa chaibidil seo, i measc na bpríomh-cheisteanna tá:

1. I bhfianaise na leasuithe a rinneadh ar an gcóras leasa shóisialaigh sna 1970í, 80í agus 90í a chinnteoidh, amach anseo, go mbeidh formhór na ndaoine incháilithe do phinsin ranníocacha, an mbeidh impleachtaí aige seo ar dhaoine nach bhfuil ag fáil tacaíochta tríd an gcóras pinsin leasa shóisialaigh faoi láthair?

2. An rogha inmhianaithe agus féideartha é pinsean uilíoch a chur ar fáil?

3. Mura meastar go bhfuil forálacha uilíocha feiliúnach, cá hiad, má tá a leithéid ann, na grúpaí lasmuigh den chóras pinsin leasa shóisialaigh a chaithfear déileáil leo?

4. Le blianta fada anuas, bhí beartais maidir le pinsin dírithe ar sheasamh na bpinsinéirí a fheabhsú. An é seo an tslí is éifeachtaí chun ioncaim phinsinéirí a fheabhsú nó ar cheart cur chuige níos spriocdhírithe a chruthú trí bhearta cosúil leis an Liúntas Maireachtála Aonair a mhéadú?

5. Dá n-athrófaí an bonn cáilitheachta do phinsin ranníocacha ó ranníocaíochtaí meánacha, go córas bunaithe ar ranníocaíochtaí iomlána, cén leibhéal rannpháirtíochta a bheadh ag teastáil ó dhuine chun pinsean iomlán a fháil?

6. Ar cheart tús a chur le socrú foirmiúil innéacsaithe chun pinsin a nascadh le leibhéal éigin praghsanna nó tuillimh, nó ar cheart tairseach bochtaineachta a chruthú? Conas a bhfeidhmeodh meicníocht fhoirmiúil innéacsaithe ag féachaint do sheasamh iomlán an bhuiséid agus an gheilleagair?

7. Bunaithe ar na ceisteanna a pléadh sa chaibidil seo, i gCaibidil 3, agus sa Pháipéar Glas maidir le hinacmhainneacht fhadtéarmach na socruithe reatha, conas is féidir déileáil leis an dúshlán a bhaineann le costais mhéadaithe na bpinsean leasa shóisialaigh?

Caibidil 7: Pinsin Forlíontacha - Tionscnaimh le haghaidh Coigiltis Scoir

---

Imlíníonn an Chaibidil seo na socruithe cánach reatha d'infheistíocht i bpinsin fhorlíontacha. Is é atá i gceist sna socruithe seo ná faoiseamh cánach ar shuimeanna a thugtar i ranníocaíochtaí de chuid fostóirí agus fostaithe do scéimeanna pinsean formheasta agus ar an ioncam infheistíochta agus gnóthachain chaipitil de na cistí pinsean. Tá sochair phinsean atá iníoctha ar nó ina dhiaidh am scoir inchánach faoi féir teidlíochta ar shochar cnapshuime airgid atá saor ó cháin.

Pléann an Chaibidil ceisteanna a bhaineann leis an gcostas measta de na tionscnaimh chánach seo chomh maith. Déanann sé luach ar airgead agus ceisteanna cothromais a bhaineann leis na socruithe faoiseamh cánach reatha a phlé chomh maith. Sa chomhthéacs seo, tá na fachtóirí féideartha a oibríonn i gcoinne feabhsú i gclúdach pinsean forlíontach imlínithe, in ainneoin na tionscnaimh chánach atá á thairiscint. Rinneadh na hargóintí ar son tionscnaimh chánach le bheith níos fearr dírithe ar ioncaim níos ísle i tslí atá éifeachtach ó thaobh costais de, a mheas.

Thug athruithe a rinneadh ó 1999 ar aghaidh níos mó solúbthachta agus smachta isteach do dhaoine áirithe maidir lena socruithe pinsean, ina n-áirítear an rogha chun cistí pinsean a infheistiú i gCiste Scoir Formheasta (CSF). Déanann an Chaibidil an cás atá á dhéanamh do shíneadh ginearálta d'infhaighteacht na roghanna solúbtha seo ina n-áirítear argóintí i bhfabhar agus i gcoinne síneadh dá leithéid a bhreathnú.

Faoi dheireadh, déanann an Chaibidil na roghanna éagsúla um athrú don chóras tionscnaimh chánach reatha a phlé agus le haghaidh roinnt cineálacha de scéimeanna pinsean sainordaitheach díobh siúd nach bhfuil pinsin forlíontacha acu arna ardaigh ag an mBord

Pinsean roimhe. Déantar na buntáistí agus na míbhuntáistí de na roghanna éagsúla seo a mheas, ina n-áirítear meastacháin de na costais atá i gceist.

Ceisteanna le Breathnú

1. An féidir tionscnaimh chánach a bheith dírithe i tslí níos fearr chun clúdach feabhsaithe a spreagadh i tslí atá éifeachtach ó thaobh costais de?

2. Ar chóir an prionsabal sáraitheach a bheith mar chlúdach nó cothromas agus ar chóir tionscnaimh a bheith táirgthe ag an ráta teorann, caighdeánach nó hibride?

3. Ar chóir socruithe pinsean a bheith éagsúil (m.sh. an rogha CSF) do dhaoine éagsúla nó a bheith oscailte do chách ar an mbonn céanna? Cá bhfuil an chothromaíocht cheart le bheith bainte amach idir na glaonna iomaíocha le haghaidh cóireála cothromasach de gach phinsinéir, cosaint chuí le haghaidh pinsinéirí soghonta agus na costais atá i gceist?

Caibidil 8: Cur Chuige Féideartha i leith Forbairt na bPinsean

---

Is éard atá sa chaibidil seo léargas ar chur chuige éagsúil, a d'fhéadfaí gnéithe díobh a úsáid le gnéithe de na roghanna a pléadh roimhe seo nó gnéithe eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn thar am, chun creatlach a sholáthar trína bhféadfaí beartas pinsean a fhorbairt in Éirinn. Is ann do na cuir chuige féideartha seo chun scéal na bpinsean in Éirinn a mhíniú do dhaoine agus díospóireacht náisiúnta na bpinsean a spreagadh.

Sa chomhthéacs sin, tá na múnlaí do leasuithe forlíontacha pinsin a pléadh bunaithe ar an gcóras reatha de sholáthar deonach a fheabhsú nó ar thús a chur le cur chuige éigeantach nó bog éigeantach. Mar mhalairt leis na leasuithe bunaithe ar phinsin fhorlíontacha, áirítear méadú sa phinsean árachais shóisialta mar aon le méadú san aois reachtúil scoir.

Tá sé riachtanach an ceithre cur chuige seo (deonach, éigeantach, éigeantach bhog agus leasa shóisialaigh feabhsaithe) a chur i gcomparáid leis an gcóras reatha thar réimse critéir. Na príomh-chritéir a éascaíonn. Baineann na critéir seo le leibhéal na bpinsean soláthartha faoin gcóras agus le modh an tseachadta araon.

Bheadh ar chinntí ar ghlacadh agus forfheidhmiú aon chur chuige ar leithligh aird iomlán a thabhairt ar a dtionchar dóchúil ar an eacnamaíoch agus ar an riachtanas chun comhsheasmhacht buiséid a choinneáil i leith na hanailíse curtha i láthair i gCaibidil 3. Bheadh ar chinneadh chun aon chur chuige ar leithligh a aithint go dtógfadh sé éifeacht thar tréimhse fada agus go bhféadfadh tiomantas luath agus iomlán chuig aon chur chuige amháin teorannú a dhéanamh ar na roghanna i leith moltaí eile níos déanaí.

Ceisteanna le Breathnú

1. I bhfianaise an phlé sa chaibidil seo, agus ag smaoineamh ar cheisteanna inbhuanaitheachta luaite i gCaibidil 3, an bhfuil an córas reatha de sholáthar pinsin, bunaithe ar mheascán de sholáthar Stáit tríd an gcóras árachais shóisialta, agus soláthar deonach trí shocruithe saothair agus forlíontacha pinsin feiliúnach? Más gá an córas reatha a fheabhsú, ar cheart pinsin níos airde a sholáthar trí árachas sóisialta nó trí sholáthar forlíontach nó an dá mhodh?

2. Más amhlaidh gur fearr pinsean feabhsaithe forlíontach maidir le clúdach agus leorgacht, ar cheart dul i ngleic leis seo trí athruithe sa chóras deonach reatha, nó trí sholáthar atá bog éigeantach nó éigeantach?

3. An féidir scéim éigeantach pinsin atá "bog" nó "hibrid" a dhearadh d'fhonn a chinntiú nach rachadh sé chun aimhleasa na socruithe deonacha reatha pinsin, mar shampla trí ghluaiseacht as na córais reatha a spreagadh (a d'fhéadfadh a bheith níos fearr bunaithe ar sheasamh an bhaill) chuig córas éigeantach nua?

4. Conas is féidir na costais bhreise a bhaineann le soláthar feabhsaithe a mhaoiniú? An bhfuil feabhsuithe i gclúdach agus leorgacht pinsin trí fheabhsú an chórais árachais shóisialaigh agus/nó tabhairt isteach córas de sholáthar pinsean éigeantacha bhoga nó éigeantacha á shárú ag costais dóchúla agus tionchair eacnamaíocha?

5. An bhfuil sé inmhianaithe tús a chur le scéim éigeantach "bhog" nó "hibrid" bunaithe ar impleachtaí eacnamaíocha, airgeadais agus iomaíochais a leithéid de chórais?

Caibidil 9: Ceisteanna Maidir le Scéimeanna Pinsean Sochair Sainmhínithe agus Ranníocaíochta Sainmhínithe

---

Tá beagnach na scéimeanna pinsean go léir in Éirinn mar sochar sainmhínithe (SS) nó ranníocaíocht sainmhínithe (RS), cé go bhfuil an fhorbairt de scéimeanna hibride ag fás. Tá roinnt ceisteanna a thagann chun cinn atá bainteach go sainiúil le nádúr an SS. I measc na ceisteanna sin tá:

Tionchar an chaighdeáin mhaoinithe (déileáladh le seo go mion i gCaibidil 10).

Fás na RS. Cé go bhfuil líon na scéimeanna SS ag fanacht seasta, tá formhór na scéimeanna nua mar scéimeanna RS. Is cuid tábhachtach d'fhoráil phinsean na hÉireann iad scéimeanna sochair sainmhínithe agus téann líon na mball de scéimeanna SS thar líon na mball RS i láthair na huaire faoi cóimheas de timpeall 2:1, síos ó 4.5:1 i 1996. Cé gur féidir le scéimeanna RS buntáistí áirithe a chur ar fáil, i measc na príomh imní faoi an coibhneas meathlaithe de bhallraíocht SS tá: i) go bhfuil sochair scoir ró-íseal, de réir na rátaí rannaíochta le haghaidh scéimeanna RS agus; ii) athrú i ndáileadh na rioscaí ó fhostóirí go fostaithe.

Comhtháthú na bpinsean SS leis an bpinsean Leasa Shóisialaigh. Is scéim, scéim sochair sainmhínithe de ghnáth, ina ríomhtar an ranníocaíocht agus na sochair glan ón sochar scoir Stáit, í scéim chomhtháite. Cáineadh minic de na scéimeanna seo ná gur féidir leis na sochair a íoctar ag an scéim, go háirithe díobh siúd atá ar ioncaim níos ísle, a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil, má méadaíonn na sochair scoir Stáit go tapaigh sna blianta roimh scor.

An phríomh cheist a thagann chun cinn maidir le RS ná **leorgacht an tsochair phinsean** atá iníoctha ar scor. Ní dóchúil go mbeadh ioncam scoir cothrom, nó níos mó na sprioc an NPPI ag formhór na mball RS. Is fachtóir ríthábhachtach é leibhéal na ranníocaíochta i scéim RS sa chaoi seo.

I measc na ceisteanna atá i gcoiteann don SS agus don RS araon tá:

Urrús. Cuireann daoine airgead i dtaisce don todhchaí. Agus sócmhainní á dáileadh i dtreo sprioc fadtéarmach, beidh an leibhéal riosca agus aischuir inghlactha éagsúil, ag braith ar an gcuspóir. Ní féidir le haon duine, ina n-áirítear an Stát, urrúis fadtéarmacha a thabhairt, áfach.

Slándáil an tsochair phinsean. Tá slándáil an tsochair phinsean de réir mar a bhaineann sé le RS bainteach leis an slándáil de cad a bhíothas ag súil ón infheistíocht.

Ó am go ham, d'fhéadfadh easnamh a bheith ag scéim SS, .i. d'fhéadfadh luach na sócmhainní den scéim a bheith níos lú ná an luach ríofa ah de na sochair todhchaíochta den scéim. De ghnáth comhlíontar an t-easnamh ag ranníocaíochtaí breise sa scéim. Bíonn easnamh tábhachtach i dhá chúinsí; nuair nach bhfuil ranníocaíochta todhchaíochta mór go leor chun an t-easnamh a chlúdach agus nuair atá an scéim á foirceannadh agus tá easnamh neamh-chlúdaithe ann.

In Éirinn, braitheann slándáil na sochair de bhaill na scéimeanna SS ar na sócmhainní atá carntha cheana sa chiste pinsean, agus ar thoilteanas an fhostóra chun leanúint ag déanamh ranníocaíochtaí.

I roinnt tíortha, tá meicníochtaí ann chun slándáil bhreise a chur ar fáil do bhaill scéime i gcás go bhfuil easnamh sócmhainne neamhbhainistithe ag scéim, lena n-áirítear na dualgais atá ar fhostóirí chun ranníocaíochtaí a dhéanamh agus/nó freagracht a ghlacadh as ucht easnaimh ciste agus árachas nó socruithe comhchosúla chun cuid nó an t-iomlán d'aon easnaimh a d'fhéadfadh a theacht chun cinn a chomhlíonadh..

Ceisteanna le Breathnú

1. An bhfuil fadhbanna ann leis na socruithe comhtháthaithe reatha le haghaidh scéimeanna SS?

   Má tá, cad iad na réitigh féideartha?
   a. cosc a chur ar chomhtháthú?
   b. bac a chur ar laghdú sa phá inphinsin sna 3 nó 5 bliana deiridh, b'fhéidir?
   c. foirmle comhtháthaithe difriúil a bheith ann le haghaidh daoine ar ioncam íseal, de réir mar atá sé san earnáil phoiblí?

2. Conas mar ar féidir linn a chinntiú go dtuigeann coigilteoirí go mbeidh tionchar at leibhéal na ranníocaíochtaí, an fad a dhéanfar na ranníocaíochtaí, agus an t-aschur ar infheistíochtaí ar leibhéal na sochar i scéim RS?

3. Cad a mheasfar le bheith mar slándáil oiriúnach de shochair phinsean? An bhfuil sé seo ann i láthair na huaire?

4. An bhfuil daoine ar an eolas go cuí faoin gcomhbhabhtáil idir riosca agus an t-aschur ar infheistíochtaí, .i. dá airde an t-aschur féideartha de ghnáth, is mó an riosca?

5. Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun urrúis de shochar pinsean a fheabhsú? An dlisteanach na hurrúis na costais agus na rioscaí bainteacha?

6. I roinnt tíortha, tá socruithe ann chun freastal ar chuid den easnamh ar a laghad i gcás easnaimh scéime. Áiríonn roinnt de na socruithe seo an Ciste Cosanta Pinsean sa RA, an Pension Benefit Guarantee Corporation (PBGC) sna SAM agus an *Pensions-Sicherungs-Verein* sa Ghearmáin. Is féidir deacrachtaí suntasacha teacht os comhair na socruithe seo, le taithí an PBGC, a bhfuil easnaimh mhóra aige i láthair na huaire, mar chás suntais ar leith. Agus an díospóireacht measta agat, an mbeadh tú i bhfabhar aon cheann de na socruithe seo, agus meas agat ar na buntáistí agus na míbhuntáiste atá imlínithe sa chaibidil seo?

Caibidil 10: An Caighdeán Maoinithe

Tugadh an caighdeán maoinithe isteach i 1991 chun na sócmhainní is lú a leagann amach gur cheart a bheith i seilbh na scéime sochair sainmhínithe agus cad iad na céimeanna a gcaithfear a thógáil má thiteann sócmhainní na scéime faoi bun na híosmhéide seo. Roimh 2000, níor bhain ach fíor bheagán scéimeanna an caighdeán maoinithe amach toisc na torthaí infheistíochta arda agus dliteanais ísle ath-luachála. Idir 2000 agus 2004, theip ar a lán scéimeanna an caighdeán a bhaint amach de bharr titim sna torthaí infheistíochta agus laghdú mór ar rátaí úis fhadtéarmacha. Ta feabhas tagtha ar chúrsaí le déanaí, ag léiriú dul chun cinn sna margaí scair ó 2003. Tá raon tuairimí ann anois maidir leis an gcaighdeán: creideann daoine áirithe gur comhartha é líon na scéimeanna atá ag teip an scéim a bhaint amach go bhfuil an caighdeán ró-ard: creideann daoine eile go bhfuil an caighdeán oiriúnach

nó fiú ró-íseal agus gur mar thoradh ar arduithe sa bhfadsaoil agus i dtorthaí atáthar ag súil leo sa todhchaí ann teip ar an gcaighdeán a bhaint amach.
Ta dhá eilimint san áireamh leis an gcaighdeán maoinithe reatha: (i) ullmhú Teastas Maoinithe Achtúire a dhéanann comparáid idir sócmhainní na scéime agus na dliteanais, áirithe ar bhonn sainiúil, agus, (ii) má thaispeánann an TMA easnamh, ullmhú togra maoinithe, deartha chun deireadh a chur leis an easnamh thar tréimhse comhaontaithe.

Ní cinntíonn an caighdeán maoinithe costas na scéime Sochair Sainmhínithe. Tá an costas seo socraithe ag na sochair soláthraithe ag an scéim, na torthaí infheistíochta a bhaint amach agus taithí na scéime i dtéarmaí fíor-thuarastal an bhaill ag an am scortha, ráta boilscithe praghais i rith na n-íocaíochtaí pinsin (má tá íocaíochtaí nasctha le boilsciú) déimeagrafaíocht, is é sin, cé chomh fada agus a mhairfidh an duine agus iad scortha, agus, má tá pinsean céile ann, cé chomh fada agus a mhairfidh an céile agus an fhíric go bhfuil gealltanais i bhfad níos airde faighte ag cistí pinsin ag am an fhoirceanta. Ta costais níos airde blianachta amach roimh na scéimeanna chomh maith. Tá tionchar ag costas an tsocraithe chomh maith ar na caighdeáin cuntasaíochta den FRS17 (a chuireann dualgas ar fhostóirí líon a gealltanais (dliteanais) pinsin a nochtadh i gcomparáid le méid sócmhainní na scéime (ciste) agus chun an difríocht glan a nochtadh ina gcuntais bliantúla).

Cuireann an caighean maoinithe mar chaighdeán foirceanta, dualgas ar scéimeanna aidhm a bheith acu chun sócmhainní a choimeád ina seilbh a bheadh dóthanach dá ndéanfaí foirceannadh ar an scéim chun na dliteanas a bheadh ag an scéim a chlúdach. Tá ceist ann maidir leis an tosaíocht a thugtar do phinsinéirí agus do neamh-phinsinéirí i gcás foirceanta.

I measc na roghanna tá :

1. Gan aon athrú a dhéanamh ar an gcaighdeán maoinithe;
2. An caighdeán maoinithe a bhunú ar thorthaí fadtéarmacha ach fág na teidlíocht foirceanta mar atá;

2.1 Tá éagsúlacht ar an scéim molta seo chun an caighdeán maoinithe a athrú do bhaill scéime leasa sainmhínithe móra, agus;

3. Na teidlíochtaí foirceanta a athrú do bhaill scéime Sochair Sainmhínithe. Mar t horadh ar seo bheadh an caighdeán maoinithe laghdaithe.

Mar fhocal scoir ansin, d'iarr an tAire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh ar an mBord Pinsean scrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú an chaighdeáin mhaoinithe agus tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire i 2007.

Ceisteanna le Breathnú

1. An bhfuil aon deacrachtaí faoi leith ann leis an gcaighdeán maoinithe? Má tá, cad iad na deacrachtaí seo agus cad iad na himpleachtaí atá acu, dar leat?

2. Ar cheart go mbeadh an caighdeán maoinithe bunaithe ar thorthaí fadtéarmacha lena táthar ag súil, ach ag fágáil na teidlíochta foirceanta reatha mar atá?

3. Ar cheart an nasc idir an chaighdeán maoinithe agus na teidlíochtaí foirceanta a bhriseadh?

4. Ar cheart go bhfanfadh an caighdeán maoinithe mar atá?

5. Ar cheart go laghdófaí luach na teidlíochtaí sochair atá ina bhunús den chaighdeán maoinithe, mar sin atá ag laghdú teidlíochta na mball i gcás foirceanta, i gcomparáid leis an gcaighdeán atá ann faoi láthair?

6. Ar cheart an caighdeán maoinithe a athrú do scéimeanna móra sochair sainmhínithe amháin?

Caibidil 11: Blianachtaí agus Saincheisteanna Coibhneasacha

Déanann an chaibidil seo feidhmiú an mhargaidh bhlianachta, na fachtóirí a shocraíonn praghas na mblianachtaí agus ról na mblianachtaí i gcóras na bpinsean forlíontacha a mheas.

Cuireann blianachtaí modh daingean ar fáil chun coigiltis phinsean a aistriú go ioncam pinsean agus chun an baol gur féidir pinsinéirí a gcoigiltis phinsean go léir a chaitheamh sula bhfaigheann siad bás a sheachaint. In ainneoin a gcuid buntáistí, tá díospóireacht ann faoi an bhfuil nó nár bhfuil margadh na mblianachtaí ag feidhmiú go héifeachtach agus go feidhmiúil.

Tá cúiseanna ann go mbeifear ag súil go bhfásfadh an t-éileamh ar bhlianachtaí sa todhchaí, cé go bhfuil sé seo an-íogair i leith forbairtí beartais, go háirithe maidir le haon síneadh den rogha chun infheistíocht a dhéanamh i gCiste Scoir Formheasta (ARF). Iarrtar ar ghrúpaí áirithe a gcistí scoir a úsáid chun blianacht a cheannach cé go dtugtar an rogha do ghrúpaí eile a gcoigiltis phinsean scoir a aistriú in ARF. Iarradh ar níos mó solúbthachta maidir leis na roghanna atá ar fáil díobh siúd a bhfuil sé de dhualgas orthu blianacht a cheannach.

Agus rogha á dhéanamh idir ARF agus blianacht, ní mór a lán fachtóirí a mheas, ina n-áirítear praghas, táillí, smacht agus rioscaí. Is dóchúil gurb fhearr a lán díobh smacht a choimeád ar a gcuid cistí trí mheán ARF in ionad blianacht a cheannach. Le ARF tá seans ann, áfach, go mairfeadh duine ina dhiaidh a gcuid sócmhainní pinsean os rud é go measann daoine a ionchas saoil faoina luach de ghnáth. D'fhéadfaí na fáltais féideartha ó ARF a ró-mheas chomh maith. D'fhéadfadh ARF a bheith neamhoiriúnach faoi leith do shealbhóirí chistí pinsean beaga de dheasca a éagumas dóchúil chun déileáil le luaineachta in ioncam agus caipiteal ag díorthú ó fheidhmíocht infheistíochta.
Imlíníonn an chaibidil ról na mblianachtaí chomh maith maidir le scéimeanna pinsean ceirde sochair sainmhínithe agus déanann sí moltaí a mheas gur chóir an Stát eirí ina sholáthraí de bhlianachtaí i gcúinsí áirithe. Tugann sí rabhadh go bhfuil aird chúramach agus scrúdú criticiúil de dhíth ó na himpleachtaí níos leithne de 'Bhlianacht Stáit' agus fiafraíonn sí an mbeadh sé cuí in aon chor toisc nochtadh eisidh an Stáit ar riosca fad saoil laistigh den eacnamaíocht. Faoi dheireadh, ardaítear roinnt saincheisteanna maidir le ról féideartha an Stáit agus feidhmíocht an mhargaidh a fheabhsú do sholáthraithe agus cheannaitheoirí na mblianachtaí araon.

Ceisteanna le Breathnú

1. An luach ar airgead iad blianachtaí?

2. Ar chóir sealbhóirí RS leanúint a bheith faoi iallach blianacht a cheannach ag an bpointe scoir nó ar chóir solúbthacht áirithe a bheith acu san uainiú? Ar chóir sealbhóirí CCSP agus cistí pearsanta eile a bheith ceadaithe blianachtaí a sheachaint agus chun leanúint ar aghaidh lena gcistí scoir a bheith ina seilbh acu go dtí am a bháis?

3. Ar chóir go mbeadh páirt níos mó ag an Stát i margadh na mblianachtaí agus, más chóir, conas? An bhfuil sé cuí go nglacann an Stát leis an riosca breise atá i gceist le Ciste Blianachta Stáit?

4. Cén bearta a d'fhéadfaí a thabhairt isteach chun cabhair a thabhairt do dhaoine téarmaí blianachta a oireann díobh a aithint? Mar shampla:
   - An bhfuil céimeanna ann a d'fhéadfaí a thógáil chun na custaiméirí a chur ar an eolas níos fearr maidir leis an gcostas comparáideach de bhlianachtaí?
   - Ar chóir go mbeadh sé de dhualgas ar sholáthraithe ceannaitheoir ionchasach a chur ar an eolas gur féidir a bhlianacht a cheannach ó sholáthraí eile?
   - Ar chóir bearta a thabhairt isteach chun daoine a spreagadh dul sa tóir ar roghanna eile in ionad blianachtaí saoil singil seasta?

5. Conas ar féidir margadh na mblianachtaí a spreagadh chun éagsúlú agus eirí níos iomaíche? An féidir bearta a thógáil chun daoine nua a spreagadh dul isteach sa mhargadh?

6. Conas ar féidir le fostóirí agus ceardchumainn a bheith níos réamhghníomhaí? An féidir a thuilleadh eolais a sholáthar maidir le blianachtaí agus na roghanna atá ar fáil nuair atá fostóirí ag teacht i dtreo scoir?

Caibidil 12: Ról na Rialála

Is é an príomhfháth a bhunaíonn an Stát córais rialála i réimse gníomhaíochta ar bith ná chun muinín agus cobhsaíocht sa chóras sin a chur ar fáil. Bíonn ar an Stát idirghabháil a dhéanamh chomh maith nuair nach mbíonn margaí ag feidhmiú i gceart. Os rud é go mbíonn soláthraithe ag infheistiú airgead de chuid daoine eile ar a son, nuair a bhíonn coigilt pinsean i gceist, tá sé tábhachtach go mbeadh na daoine sin muiníneach go bhfuil an córas slán agus go bhfuil a gcoigilteas féin slán chomh maith.

Cinntíonn an Stát go mbíonn leibhéil muiníne agus slándála leorga ann sa chóras pinsean, trí idirghabháil a dhéanamh le reachtaíocht nó modhanna eile, d'fhonn a chinntiú go mbíonn caighdeáin i bhfeidhm agus go bhfuil monatóireacht á dhéanamh orthu. Tá comhlachais bunaithe ag an Stát chun monatóireacht a dhéanamh ar na caighdeán seo.

Sa Chaibidil seo, leagtar amach cuspóirí rialála an Stáit maidir le pinsin. Áirítear leo:

- a chinntiú go mbaineann na coigilteoirí an leas cuí as;
- go leor eolais a thabhairt dóibh siúd atá ag coigilt, chun leorgacht an tsoláthair a mheas;
- a chinntiú nach mbaintear mí-úsáid as na ranníocaíochtaí pinsean agus go ndéantar cuntas orthu;
- a chinntiú go bhfuil go leor eolais ag daoine chun cinntí infheistíochta a dhéanamh, pé áit ar cuí;
- a chinntiú go n-úsáidtear faoiseamh cánach go cuí;
- go leor eolais a chur ar fáil do choigilteoirí pinsean i dtreo is gur féidir leo cinneadh a dhéanamh maidir leis an táirge dá gcoigilteas pinsean, go háirithe i leith fiúntas airgid;
- an t-eolas a chur ar fáil do choigilteoirí pinsean chun cinntí ar leith a dhéanamh, mar shampla, nuair a bheidh siad ag dul ar scor nó ag fágáil na fostaíochta.

Cruthaíonn líon na scéimeanna pinsin ceirde dúshláin rialála ar leithligh.

Tá eolas ar phinsin ríthábhachtach chun feasacht pinsin a ardú, cearta baill na scéime a chosaint agus chun a chinntiú go bhfuil eolas fónta ag daoine chun cinntí airgeadais chuí a dhéanamh.

Leanann an cur chuige foriomlán i leith rialála pinsin ag éabhlóidiú chun freastal go réamhghníomhach ar dhúshláin na timpeallachta athraithe. Chun freastal ar na dúshláin seo, tá an Bord Pinsean ag tabhairt faoi athbhreithniú feidhmíochta, agus é ar intinn acu bogadh i dtreo cur chuige baol-bhunaithe. Cinnteoidh sé seo go bhfuil an Bord struchtúrtha agus oilte chun muinín agus comhsheasmhacht a chinntiú sa chóras pinsin ceirde chomh fada agus is féidir.

Ar deireadh, imlíníonn an chaibidil roghanna le haghaidh gnéithe áirithe de rialáil na CCSP a shruthlíniú, fad is atáthar ag doimhniú gnéithe eile den rialáil, go háirithe saincheisteanna maidir le heolas agus táillí.

Muirir

Bíonn socruithe pinsean maoinithe forlíontacha faoi réir muirir fhollasacha agus intuigthe, agus iad ag brath ar nádúr an tsocraithe agus na seirbhísí atá ag teastáil.

Is féidir le fostóirí a gcostais féin a thabhú d'oibriú na socruithe pinsean maoinithe forlíontacha, maidir le déaduchtú agus cur isteach ranníocaíochtaí na bhfostaithe, seirbhísí riaracháin éagsúla a chur ar fáil (.i. coinneáil taifead), foráil eolais agus comhairle d'fhostaithe, chomh maith le tuairisceán bliantúil d'eolas áirithe a chur chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

Níl ach CCSP faoi réir rialála reachtúla faoi chineál agus leibhéal na muirear follasacha; níl aon fhoinse eolais lárnach ar fáil go héasca faoi leibhéal na muirear follasach tríú páirtí a ghearrtar ar shocruithe pinsean maoinithe forlíontacha. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé deacair comparáid a dhéanamh idir socruithe difriúla nó fios a bheith ag duine má tá fiúntas airgid á chur ar fáil.

I gcás socruithe ranníocaíochta sainithe, d'fhéadfadh muirir arda ciste scoir an duine a laghdú. I gcás socruithe sochar sainithe, méadaíonn na muirir arda an costas a bhainfeadh leis an leas geallta a chur ar fáil. Má cheaptar go bhfuil muirir arda ann, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina dhíspreagadh d'fhostóirí agus daoine aonair araon, chun socrú pinsin deonach a thosú agus ranníocaíochtaí a dhéanamh leis

Is é an t-ábhar is tábhachtaí maidir le muirir ná an easpa eolais mhionsonraithe agus tugtar cuntas sa chaibidil seo ar na roghanna a d'fhéadfadh freastal ar an easpa eolais seo. Tugtar breac-chuntas ar na roghanna atá ann chomh maith, maidir le rialáil muirear do scéimeanna pinsean forlíontacha.

Tá tionchair ag baint le gach ceann de na roghanna seo agus dá ndéanfaí aon athrú ar an gcur chuige rialála, bheadh gá le haird a thabhairt ar phrionsabail na rialála níos fearr agus anailís tionchair rialála a dhéanamh.

Ceisteanna le Breathnú

1. An bhfuil an cur chuige iomlán maidir le rialáil na bpinsean, cuí chun muinín agus slándáil sa chóras a chinntiú?

2. An bhfuil na cuspóirí rialála cuí?

3. An bhfuil leibhéal na rialála oiriúnach do na cuspóirí rialála a theastaíonn uainn a bhaint amach?

4. An bhfuil bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun trédhearcacht a chur i bhfeidhm maidir le muirir ar chistí pinsean?

Caibidil 13: Pinsin Seirbhíse Poiblí

Déanann an Caibidil seo cur síos ar na saintréithe de phinsin seirbhíse poiblí agus na leasuithe suntasacha a chuireadh i bhfeidhm sa réimse seo le blianta beaga anuas. Léiríonn sé go bhfuil clúdach pinsean gar do 100% trasna na seirbhíse poiblí agus gur scéimeanna ranníocacha, *íoc mar a úsáidtear*, sochair sainmhínithe iad formhór na scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí.

Tugann sé sonraí faoin gclár leasaithe a bhí bunaithe go príomha ar mholtaí an Choimisiúin ar Phinsin Seirbhíse Poiblí. Ba é an phríomh ghné den srianadh costais sa chlár seo ná an ardú i 2004 den aois pinsin íosta d'iontrálaithe nua don tseirbhís phoiblí ó 60 go dtí 65. Díothaíodh an aois scoir éigeantach de 65 bliana do bhformhór na hiontrálaithe nua ag an am seo chomh maith.

Déanann an Chaibidil seo costas na bpinsean seirbhíse poiblí a mheas, atá dlite chun ardú go suntasach sa mheántéarma (go príomha toisc na méaduithe i líon na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí agus ionchas saoil feabhsaithe), in ainneoin forfheidhmiú an chláir leasaithe.

Imlíníonn an Chaibidil líon roghanna leasaithe breise atá ar intinn ag an Rialtas taighde a dhéanamh iontu agus a mheas maidir le ceapacháin sa todhchaí don tseirbhís phoiblí chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí déimeagrafacha agus forbairtí eile ónar rinneadh an Coimisiún a tuarascáil i 2000. I measc iad siúd tá:

- an aois phinsin íosta na seirbhíse poiblí a ardú
- ráta na ranníocaíochtaí pinsean a ardú
- an bonn '*chomhchuigeacht pá'* a athrú do mhéaduithe iar-scoir i bpinsin
- téarmaí fabhraithe tapaigh a bhaint,
- díothú socruithe áirithe de blianta barúlacha breise
- roghanna le haghaidh costais phinsean a chomhaireamh
- ráta níos moille maidir le pinsean scoir agus cnapshuim
- gluaiseacht d'áireamh na bpinsean ar bhonn tuilleamh 'meán an tslí bheatha.

I láthair na huaire, tá athbhreithnithe á dhéanamh ag an mBord Tagarmharcála na Seirbhíse Poiblí agus an Comhlacht Athbhreithnithe ar Luach Saothair níos airde san Earnáil Phoiblí ar na leibhéil chuí an luacha saothair de chatagóirí na ngrád seirbhíse poiblí a thagann laistigh dá réimsí faoi seach. Sainíonn téarmaí tagartha an Bhoird Tagarmharcála

"gur chóir an Bord meas a bheith aige ar na difríochtaí idir an tseirbhís phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus idir na grúpaí seirbhís poiblí éagsúla laistigh dá réimse i gcoinníollacha oibre, agus eagrú na hoibre, peorcaisí, agus coinníollacha fostaíochta agus sochair ábhartha eile, ina n-áirítear slándáil tionachta agus *sochair aoisliúntais*".

Ceisteanna le Breathnú

1. Conas ar chóir costas an mhaoinithe de phinsin seirbhíse poiblí a íoc?

2. Cad iad na roghanna leasaithe indibhidiúla a thugann an poitéinseal is réalaíche?

Caibidil 14: Solúbthacht oibre sa tseanaoise: cur chuige nua i leith scor

---

Le saoil níos aclaí agus níos faide ag daoine, castais na bpinsean ag méadú, agus oibrithe níos óige ag iarraidh a gcaighdeáin maireachtála reatha a feabhsú, méadú i líon na ndaoine a theastaíonn uathu obair, nó a mhothaíonn gá chun obair, thar aois an phinsin. B'fhéidir go gciallaíonn boinn tuisceana inmharthanachta gur cheart ról lárnach a bheith ag ár straitéis phinsean d'fhonn smaoineamh faoi ár aois scoir a ardú.

Tugann polasaí an Rialtais áis dóibh siúd a theastaíonn uathu a saol oibre a fhadú. Ba í 64.1 bliain an meán aois den bhealach amach ón lucht saothair i 2005, i gcomparáid le meán aois an AE-25 de 60.9 bliain. Ta ráta reatha na fostaíochta do dhaoine níos sine (55-64) thart ar 53%. De réir trách ta a rinneadh ag an ECFE, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar socheacnamaíoch tromchúiseach ar dhaonra atá ag dul in aois mura shlógfar an fhéidearthacht soláthair saothair níos éifeachtaí.

Tá réimse dearcaidh leithne ag daoine aonair agus ag fostóirí araon maidir le méadú san aois scoir Nuair a d'fheabhsaigh an reachtaíochta reatha, deiseanna do dhaoine chun obair ar aghaidh go dtí aois níos sine más mian leo, tá an dearcadh ann gur chóir athrú aigne i measc fostaithe agus fostóirí araon chun oibrithe níos sine a spreagadh chun fanacht i bhfostaíocht.

B'fhéidir go gcabhróidh solúbthacht i socruithe na bpinsean agus i gcoinníollacha oibre le roinnt constaicí struchtúrtha le hobair níos faide a ruaigeadh. Mar aon le seo, b'fhéidir go mbeadh níos mó solúbthachta tuillte sa chóras leasa shóisialaigh. B'fhéidir go dtabharfar ard ar ailíniú polasaithe chun tacaíocht a thabhairt d'aon athruithe san aois scoir, le polasaithe san áireamh chun coinníollacha um fhás eacnamaíochta agus iomaíochta a chruthú, neamhionannais sláinte a laghdú, agus próiseas agus cleachtas AD a uchtú.

Bheadh sé níos ionann le polasaí an AE sa réimse seo daoine a cheadú chun an aois scoir a chur siar agus a socair leasa shóisialaigh a fheabhsú trí tuilleadh fostaíochta.

Nuair atá cúrsaí airgeadais mar an phríomh argóint i leith méadú na haoise scoir, tá argóint breise ann ar bhunús maoine idir-ghlúine. Tá roinnt constaicí ann fós le réiteach agus níos mó scrúdaithe le déanamh ar cheisteanna sula ardófar aois scoir an Stáit.

Cuireann an tAthbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh roinnt modhanna i láthair chun méadaithe san aois scoir a chéimniú. Tá sé soiléir le méadú na haoise scoir go bhfuil an cumas ann chun, go céim áirithe, an méid ardaithe measta atá ann i gcaiteachas sochair a choimeád Ní mór cothromaíochta a fháil trí an córas pinsean leasa shóisialaigh a dhaingniú, tacaíocht a thabhairt do nádúr deonacha an tsoláthair phinsin gairme agus cothromas idir-ghlúine.

I dtreo is go bhfeictear go bhfuil an chumhacht ag Éire i leith eacnamaíochtaí forbartha eile i dtéarmaí na haoise scoir, d'fhéadfadh na tionscadail samhlaíocha, deartha i gceart a cheadaíonn cur chuige solúbtha maidir le fostaíocht níos déanaí sa saol na torthaí riachtanacha a thabhairt chun cinn.

Ceisteanna le breathnú

1. Ar cheart bearta a chur i bhfeidhm chun scor ón oifig níos déanaí a spreagadh? Ar cheart bearta a chur i bhfeidhm chun fostóirí a spreagadh chun oibrithe níos sine a choimeád? Cén foirm ba cheart bearta den sórt a ghlacadh?

2. Ar cheart córas a cheadaíonn iarchuir deonaigh an phinsin leasa shóisialaigh a thabhairt isteach? Conas a n-oibreoidh sé seo?

3. Ar cheart spreagthaí eile a thabhairt isteach chun daoine a spreagadh chun obair thar an gnáth aois scoir?

4. Ar cheart bac a chur ar fhostóirí íosaois scoir faoin aois áirithe atá leagtha síos, chun aois scoir níos sine a spreagadh? Ar cheart bac a chur orthu siúd atá faoin aois scoir atá leagtha síos?

5. Ar cheart athrú a dhéanamh ar an aois scoir le haghaidh pinsin leasa shóisialaigh, chun costas a chuimsiú agus ionchas saoil méadaithe a léiriú? Conas ar cheart athrú dá leithéid sin a chur i bhfeidhm?

Próiseas Comhairliúcháin

Tá an Rialtas ag foilsiú an Pháipéar Glas ar Phinsin ar mhaithe le díospóireacht a spreagadh faoi na dúshláin agus na roghanna d'fhorbairt na bpinsean in Éirinn. Ba mhaith leis an Rialtas go dtabharfadh gach duine aonair agus eagraíocht le suim acu san ábhar a gcuid tuairimí agus cuirimid fáilte roimh ráitis ar réimse ar ghné ar bith. Cuideoidh do ranníocaíocht sinn a chur ar an eolas i leith chinntí cuí a dhéanamh dúinn féin agus le haghaidh glúine na todhchaí.

Tuigeann an Rialtas gur féidir le saincheisteanna a bhaineann le pinsin a bheith fairsing agus coimpléascach. Dá réir sin, chun gur féidir a chinntiú go mbeidh go leor ama ar fáil le haghaidh machnamh agus díospóireacht, síneofar an próiseas comhairliúcháin go dtí lár 2008. Cinnteoidh sé seo go mbeidh an comhairliúchán críochnúil agus cuimsitheach araon.

Tá ceisteanna lárnacha leagtha amach ag deireadh gach caibidil, chun cabhrú leat teacht ar fhreagra – tá siad seo ann san achoimre feidhmiúcháin chomh maith.

Nuair atá aighneacht á cur isteach agat, luaigh le do thoil cibé an bhfuil tú ag freagairt mar dhuine aonair nó ag léiriú tuairimí de chuid eagraíochta. Foilseofar na haighneachtaí a fhaightear ar an suíomh gréasáin.

Tá leagan leictreonach den Pháipéar Glas seo ar fáil ar an suíomh gréasáin:

www.pensionsgreenpaper.ie

Is féidir leat d'aighneacht a dhéanamh ag úsáid an suíomh gréasáin seo. Nó mar rogha ar sin d'fhéadfaí freagra scríofa a chur faoi bhráid i r-phost, litir nó facs chuig:

Comhairliúchán Páipéir Glas
Aonad Polasaí na bPinsean
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid an Stórais
Baile Átha Cliath 1

rphost: pensionsgreenpaper@welfare.ie

Facs: 01-7043457

www.pensionsgreenpaper.ie